

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: SC Avio Lucos SRL

Cosantóir: Agenția de Plăți și Intervenție pentru Agricultură – Centrul județean Dolj, Agenția de Plăți și Intervenție pentru Agricultură (APIA) – Aparat Central

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 4(1)(c)(iii) agus 4(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle a léirmhíniú sa chaoi nach gcuireann sé bac ar rialachán náisiúnta lena bhforáiltear nach mór don fheirmeoir an ghníomhaíocht íosta ar limistéir thalmhaíochta a choimeádtar go nádúrtha i riocht atá oiriúnach d'innilt nó do shaothrú, dá dtagraítear sna forálacha seo, a dhéanamh lena hainmhithe féin.
- 2) Ní mór Airteagal 4(1)(a) agus (c) agus Airteagal 9(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013 a léirmhíniú sa chaoi go dtagann duine dlítheanach a rinne conradh lamháltais a bhaineann le talamh féarach de chuid bhardas agus a bhíonn ag innilt ann ainmhithe a tugadh ar iasacht dó, saor in aisce, ag daoine nádúrtha is úinéirí, ar choinníoll go ndéanann an duine seo feidhmiú, ar an talamh féarach seo, “gníomhaíocht íosta”, de réir bhrí an dara foráil sin, faoi choincheap an “feirmeoir gníomhach” de réir bhrí Airteagal 4(1)(c)(iii) den Rialachán sin.
- 3) Ní mór Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle, a léirmhíniú sa chaoi gur dócha go dtagann an cás ina dtáirgeann an t-iarratasóir ar thacaíocht airgeadais faoin scéim íocaíochta aonair limistéir, mar thaca lena iarratas, conradh lamháltais a bhaineann le talamh féaraigh agus conarthaí iasachta le húsáid, saor in aisce, a bhaineann le hainmhithe a bheartaítear a innilt ar na tailte sin faoi chuimsiú an choincheapa “coinníollacha arna gcruthú go saorga”, de réir bhrí na forála seo, ar choinníoll, ar thaobh amháin, go n-eascraíonn sé as sraith imthosca oibiachtúla, d'ainneoin comhlíonadh foirmiúil na gcoinníollacha dá bhforáiltear leis na rialacháin ábhartha, nár baineadh amach an cuspóir atá á shaothrú ag an Rialachán sin agus, ar an taobh eile, go mbunaítear an rún chun buntáiste a bhaint as rialacha an Aontais trí na coinníollacha a chruthú go saorga chun é a bhaint amach.

⁽¹⁾ IO C 297, 07.09.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón
Niedersächsisches Finanzgericht – An Ghearmáin) – I GmbH v Finanzamt H**

(Cás C-228/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE –
Airteagal 132(1)(b) – Díolúintí i leith gníomhaíochtaí leasa ghinearálta áirithe – Díolúine i leith ospidéal
agus cúram leighis – Bunú ospidéal phríobháideach – Aitheantas cuí ar an mbunaíocht – Coinníollacha
sóisialta inchomparáide)

(2022/C 213/06)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Niedersächsisches Finanzgericht

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: I GmbH

Cosantóir: Finanzamt H

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 132(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a sa chaoi go gcuirtear bac leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, trí fhoráil a dhéanamh go bhfuil na seirbhísí cúraim a sholáthraíonn suíomhanna ospidéal phríobháidigh díolmhaithe ó cháin bhreisluacha má cheadaítear an suíomh ospidéal sin de réir na bhforálacha náisiúnta a bhaineann leis an scéim árachais sláinte ghinearálta, tar éis iad a chomhtháthú i bplean ospidéal na Land nó tar éis tabhairt i gcrích comhaontuithe chun cúram a sholáthar le cistí árachais breoiteachta reachtúla nó cistí ionaid, go gcaitear go héagsúil le suíomhanna ospidéal phríobháideachaa sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla faoi choinníollacha sóisialta inchomparáide leo siúd a bhaineann le suíomhanna ospidéal arna rialú ag an dlí poiblí maidir leis an díolúine dá bhforáiltear san fhoráil sin.
- 2) Ní mór Airteagal 132(1)(b) de Threoir 2006/112 a léirmhíniú sa chaoi, chun a chinneadh an gcuirtear seirbhísí cúraim a sholáthraíonn suíomh ospidéal príobháideach ar fáil faoi choinníollacha sóisialta atá inchomparáide leis na cinn is infheidhme maidir le comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí, féadfaidh údarais inniúla Ballstáit, agus iad d'aidhm acu costais chúram sláinte a laghdú agus cúram sláinte ar ardchaighdeán a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine aonair a chur san áireamh, na coinníollacha rialála is infheidhme maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn ospidéal phoiblí, táscairí ar fheidhmíocht na suíomhanna ospidéal phríobháideacha sin i dtéarmaí foirne, áitribh agus trealaimh chomh maith le héifeachtúlacht eacnamaíoch a bhainistíochta, ós rud é go bhfuil na táscairí sin infheidhme freisin maidir le hospidéal arna rialú ag an dlí poiblí. Féadfar a chur san áireamh freisin na modhanna chun na rátaí comhréidh laethúla a ríomh mar aon le cumhdach, faoin gcóras slándála sóisialta nó comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le húdarais phoiblí, ar na seirbhísí a sholáthraíonn an bhunaíocht ospidéal sin faoin dlí príobháideach, ionas go bhfuil an costas a iompraíonn an t-othar gar don chostas a íocann othar ospidéal arna bhunú faoin dlí poiblí as seirbhísí comhchosúla.

(¹) IO C 271, 17.08.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per la Emilia Romagna – an Iodáil) – PG v Ministero della Giustizia, CSM – Consiglio Superiore della Magistratura, Presidenza del Consiglio dei Ministri

(Cás C-236/20) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas Sóisialta – An comhaontú réime maidir le hobair théarma shocráithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP chun críche – Clásail 2 agus 4 – An comhaontú réime maidir le hobair pháirtaimseartha a thug ETUC, UNICE agus CEEP chun críche – Clásal 4 – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Breithiúna na síochána agus gnáthghníúistísí – Clásal 5 – Bearta arb é is aidhm dóibh úsáid mhíchuí conarthaí théarma shocráithe a phionósú – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 7 – Laethanta saoire bliantúla le pá)

(2022/C 213/07)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale per la Emilia Romagna

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: PG

Cosantóirí: Ministero della Giustizia, CSM – Consiglio Superiore della Magistratura, Presidenza del Consiglio dei Ministri

i láthair: Unione Nazionale Giudici di Pace (Unagipa), TR, PV, Associazione Nazionale Giudici di Pace – ANGDP, RF, GA, GOT Non Possiamo Più Tacere, Unione Nazionale Italiana Magistrati Onorari – UNIMO